2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta - Achoimre fheidhmeach

1. An Comhthéacs

Le blianta beaga anuas rinne an t-Aontas Eorpach sraith "Bhlianta Eorpacha" a reáchtáil. Ceapadh iad chun aird a tharraingt ar théama ar leith a bheadh ina díol spéise do dhaoine agus d'eagraíochtai i gcoitinne, agus do lucht déanta beartais agus do ghairmithe chomh maith. Ceapadh 2010 mar An Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta ('EY2010' nó 'An Bhliain'). Bhi sé de sprioc feasacht a spreagadh, comhpháirtíochtaí nua a chothú, móiminteam a chruthú, agus tiomantas polaitiúil láidir a fháil d'fhonn an bhochtaineacht a chomhrac san Eoraip. Ceithre príomhchuspóirí mionsonraithe a bhí mar threoir don Bhliain: aitheantas do chearta; cótháthú; tiomantas agus gníomhú dearfach.

Bhí conraitheoir neamspleách ECORYS i mbun measúnachta, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chonas a d'éirigh le EY2010 agus ar na tionchair atá sí tar éis a chur i gcrích agus a d'fhéadfaí a bheith aici amach anseo. Curtha san áireamh sa thaighde bhí léirmheas ar cháipéisíocht chúlrach agus ar shonraí; suirbhéanna agus comhairliúcháin aonair maraon le grinnstaidéir ar thorthaí na Bliana sa Bhulgáir, san Iodáil, sa Liotuáin, sa tSualainn agus san RA.

Bhí €17,25 milliún soláthraithe ag an AE mar thacaíocht don Bhliain, agus cuireadh ranníocaíochta suntasacha (thart ar €9 milliún) sa bhreis ag na mBallstáit. I rith na Bliana, chuaigh an Coimisiún Eorpach agus a chomhpháirtithe, lena n-áirítear sochaí shibhialta, Institiúidí an AE, údaráis phoiblí agus daoine eile, chuaigh siad i mbun sraith ghníomhaiochtaí - tugann na príomhshonraí thíos cur síos ginearálta orthu:

Sonraí EY2010:

- Bhí 29 dtír páirteach ann;
- Tá 80 milliún daoine i mbaol bochtaineachta san AE;
- Bhí comhair a bheith 900 gníomhaíochtaí comhmhaoinithe curtha ar aghaidh ag Comhlachtaí Naisiúnta Forfheidhmithe nó ag páirtithe leasmhara sna tíortha a ghlac páirt ann;
- Ar a laghad bhí 1800 gníomhaíochtaí breise naisiúnta agus áitiúla ag baint úsáid as an logo;
- Thart ar 40 ócáidí AE (reáchtáilte ag comhlachtaí an AE nó i gcomhpháirtíocht;
- 160 Ambasadóirí;
- 400,000 cuairteoirí leithleacha ar an láithreán gréasáin www.2010againstpoverty.eu;
- Nios mó ná 10,000 alt clóbhuailte/ar line;
- 1,200 iarracht ar an gcomórtas Duais Iriseora agus 60 buaiteoir;
- 60 físeán léirithe ag leibhéal an AE;
- 49 milliún s lucht féachana agus lucht éisteachta aimsithe ag tuarascálacha craolta;
- 200 grianghraf as 18 dtír Eorpach páirteach sa Thionscadal Chomhpháirti Ealaíne.

B'é gné thábhachtach na Bliana é go raibh gníomhaíocht ar siúl i ngach ceann de na 29 tír rannpháirteach, agus ag leibhéal an AE comh maith. I ngach tír rinne Comhlachtaí Forfheidhmithe Náisiúnta raon imeachtaí, tionscadail agus feachtais poiblíochta a chomhordú, agus iad curtha in oiriúint do na dálaí náisiúnta. Bhi feachtais fhaisnéise agus chumarsáide ag leibhéil uile-Eorpach agus ag leibhéil náisiúnta ina chuid lárnach EY2010. B'iad seo na ceithre spriocghrúpaí : údaráis

phoiblí, na meáin, páirtithe leasmhara, daoine faoi bhochtanas agus eisiamh sóisialta, d'fhonn an pobal i gcoitinne a aimsiú chomh maith.

2. Torthaí na measúnachta

Ós rud é go raibh an Bhliain ar siúl i dtráth ghéarchéim leanúnach geilleagair agus airgeadais bhí sé **thar a bheith ábhartha agus i mbéal an phobail** do lucht féachana leathan. Bhi tionchar sa bhreis aige dá bharr ach ag an am céanna bhí dúshláin ann maidir le teachtaireachtaí a chur i gcéill ar rudaí a d'fhéadfaidh a bheith ina n-ábhair íogair uaireanta. Comhlánaigh An Bhliain tionscnaimh an AE allamuigh atá ann cheana féin agus méadaíodh infheictheacht na daoine faoi bhochtanas agus faoi eisiamh sóisialta. Trí pháirt a thabhairt d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, do chomhpháirtithe sóisialta agus do pháirtithe leasmhara eile, thug An Bhliain aghaidh ar an ngá rannpháirtíocht sa dearadh agus i gcur i bhfeidhm na mbeartas um chuimsiú sóisialta a leathnú. I dtíortha aonair, lig cistiúchán EY2010 réimse gníomhaíochtaí ar scála beag a chur ar siúl ann, rud nach bhféadfaí a chur i gcrích gan é a bheith ar fáil. Sa chuid is mó de na tíortha rinneadh gníomhaíochtaí a reáchtáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ngrúpaí uile atá i mbaol (leanaí, daoine óga, mná, daoine scothaosta, daoine gan dídean, imircigh agus mionlaigh eitneacha).

I dtéarmaí **éifeachtachta agus tionchair** an EY2010, rinneadh dul chun cinn ar gach ceann de na ceithre cuspóirí EY2010. Ag leibhéal an AE i leith bhí tiomantas agus gníomhartha coincréiteacha le feiceáil go hard i mheasúnú an mheastóra ar na héachtaí (agus mar gheall ar Dhearbhú deiridh de chuid na Comhairle ar An Bhliain). Tá na príomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal náisiúnta, áfach, fós aireach mar gheall ar an méid a bheidh gealltanais den chineál céanna agus gníomhartha coincréiteacha ag ghlacadh fréimhe, go háirithe toisc srianta atá ann faoi láthair ar chaiteachas poiblí. Do mheall gníomhaíochtaí EY2010 i bhformhór na dtíortha rannpháirtíocht láidir ó pháirtithe leasmhara, go háirithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ó chumainn. Ag leibhéal an AE freisin, thug An Bhliain deiseanna luachmhara do pháirtithe leasmhara teacht le chéile, comhcheangail a dhéanamh agus réimsí comhleasa a aithint. Maidir leis an tionchar ar an bpobal i gcoitinne, tugann an fhianaise le tuiscint go mb'fhéidir gur aimsigh faisnéis faoin mBliain thart ar an deichiú cuid de na hEorpaigh trí bhíthin na meáin chraolta. Ceann de na spriocanna a bhí i gceist leis an EY2010 ná gníomhairí, nach bhfuil baint acu go traidisiúnta i mbeartais chuimsithe sóisialta, a mhealladh isteach agus baineadh é seo amach go pointe áirithe ag an leibhéal náisiúnta; b'fhéidir níos lú mar sin ag leibhéal an AE. Go háirithe, rinneadh tástáil ar roinnt cur chuige nuálaíoch i rith na Bliana: ag baint úsáide as na meáin shóisialta chun cumarsáid a dhéanamh, teagmháil a dhéanamh le hiriseoirí agus cur chuige rannpháirteach le himeachtaí. EAithníodh eiseamláirí na nuálaíochta i roinnt tíortha: cur chuige ardrannpháirteach maidir le pleanáil bheartais a chur chun cinn, beartas sóisialta bunaithe ar fhianaise, fiontraíocht shóisialta. Rinneadh naisc le téamaí eile beartais ag roinnt tionscnaimh, go háirithe i ndáil le sláinte, dlí agus airgeadas.

Ba chóir go mbeadh **éifeachtaí buan** ag an mBliain ar an leibhéal náisiúnta i dtéarmaí infheictheacht agus cumas na bpáirtithe leasmhara a bhí páirteach ann agus i bhforbairt ar chur chuige nua chun cumarsáid a dhéanamh agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Ag leibhéal an AE tá dóchas aireach faoi ardleibhéil forbairtí i mbeartais an AE (go sonrach spriocanna ceannlíne ar bhochtaineacht a laghdú), agus a fuair cabhair as an móiminteam agus an spéis i mbochtaineacht agus in eisiamh sóisialta cruthaithe ag An Bhliain. Ina theannta sin, léirigh Dearbhú

deiridh na Comhairle gealltanas daingean an AE agus na mBallstáit dul níos faide ná múscailt feasachta agus 'oidhreacht láidir polaitiúil a sheachadann torthaí nithiúla' a thabhairt don Bhliain[1].

Thóg sé roinnt ama an córas ag leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta a chur ar bun, den chuid is mó mar gheall ar an gcinneadh struchtúir riaracháin a bhí creidiúnaithe cheana féin ag an CE a úsáid chun maoiniú AE a bhainistiú. Mar sin féin, ar an iomlán, measadh go raibh **bainistiú na mBliana ag an gCoimisiún Eorpach** sásúil de réir Chomhlachtaí Forfheidhmithe Náisiúnta (NIBs) agus páirtithe leasmhara. Thacaigh Coiste Comhairleach na NIBanna agus an gasra shaineolaí pháirtithe leasmhara an AE agus measadh go raibh an dá ghrúpa ina n-uirlisí luachmhara. Measadh go raibh na nósanna imeachta soiléir, cé go raibh iarratais ar a thuilleadh treorach ag céim níos luaithe. D'oibrigh an comhar idir NIBs agus an tascfhórsa EY2010 go sásúil, cé nach raibh roinnt na gcúraimí idir leibhéil an AE agus an leibhéil náisiúnta soiléir agus réidh i gcónaí le haghaidh gníomhaíochtaí cumarsáide. Bhí comhoibriú le comhfhreagraithe náisiúnta an chonraitheora cumarsáide sásúil i bhformhór na tíortha, in ainneoin roinnt éiginnteachta tosaigh ar a rólanna. Bhí baint ag uiríllí an CE agus i dtíortha áirithe bhí siad gníomhach freisin ina n-imeachtaí féin a eagrú.

Cé go bhfuil an EY2010 thart anois, d'éirigh léi i móiminteam nua a instealladh sa gcomhrac in aghaidh bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta san Eoraip. Mar thoradh air sin, rinneadh iad siúd a bhfuil baint acu allamuigh a athneartú agus a spreagadh chun a n-iarrachtaí a mhéadú, chun comhoibriú trasna na téamaí agus chun féachaint ar bhealaí nua chun dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn. Mhéadaigh an slógadh seo cumas réimse phriomhghníomhairí chun difríocht a dhéanamh agus rinne treoir bheartais an-láidir ón AE an clár oibre amach anseo a athdhíriú. San am atá thar a bheith dúshlánach don gheilleagar agus don tsochaí, d'oscail EY2010 súile go leor daoine ar réaltacht bhochtaineachta agus eisiaimh sóisialta san Eoraip; d'aithníodh ranníocaíochtaí reatha agus féideartha na bpáirtithe leasmhara agus an lucht déanta beartais, agus treisíodh an tábhacht a bhaineann le héisteacht le guthanna na ndaoine iad féin faoi bhochtaineacht agus faoi eisiamh sóisialta. Ní foláir an móiminteam tosaithe ag na Bliana a choimeád ar siúl anois agus aird a dhíriú ar.

[1] Dearbhú an Chomhairle maidir leis an Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta: *Ag obair le chéile chun troid i gcoinne na bochtaineachta 2010 agus ina dhiaidh sin*, an 3053ú Cruinniú den Chomhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí, An Bhruiséil, 6 Nollaig 2010.